


# An Garda Síochána

## Straitéis Gaeilge an Gharda Síochána

2022 – 2025



# Brollach ón gCoimisinéir

Tá áthas orm an deis a bheith agam ár dtríú Straitéis Gaeilge a chur i láthair. Léiríonn an Straitéis seo ár dtiomantas d'úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a éascú laistigh den Gharda Síochána agus sa phobal i gcoitinne. Mar eagraíocht phóilíneachta, aithnímid go bhfuil freagracht orainn an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú léi do na pobail a ndéanaimid freastal orthu. Chomh maith leis sin, de bharr gurb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil sa Stát, tá dualgais reachtúla orainn.

Táimid dírithe ar ár seirbhísí Gaeilge a neartú trí earcaíocht, oiliúint agus cur chun cinn na teanga ionas go mbeidh muid in ann seirbhís póilíneachta a sholáthar a thacaíonn leis an bpobal agus le baill foirne atá ag iarraidh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Léiríonn an straitéis seo ár dtiomantas do thógáil ar an dul chun cinn atá déanta ó forbraíodh ár gcéad phlean gníomhaíochta Gaeilge i 1988 agus chun dul i mbun teagmháil iomlán le lucht labhartha na Gaeilge inár bpobail agus chun ár ndualgais reachtúla teanga go léir a chomhlíonadh.

Tá croíchuspóirí leagtha amach againn atá uaillmhianach ach is féidir iad a bhaint amach. Neartaíonn siad ár dtiomantas dár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh agus dár dtiomtanas freastal ar riachtanais ár n-úsáideoirí seirbhíse Gaeilge ar fad. Tá an Garda Síochána réalaíoch maidir lena mhianta agus tuigimid go bhfuil dúshláin ag baint le seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil. Ina ainneoin sin, táimid lántiomanta tabhairt faoin obair chun torthaí rathúla a bhaint amach.

Tuigimid go bhfuil sé bunriachtanach cumais ár lucht saothair a mhéadú chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar trí earcaíocht, oiliúint agus leithdháileadh éifeachtach chun a chinntiú go mbeidh rath orainn. Ionas go n-éireoidh leis an Straitéis seo agus chun athrú inbhuanaithe fadtéarmach a chruthú, tá ról le himirt ag gach ball foirne maidir lena cur i bhfeidhm, agus ní mór dúinn go léir freagracht a ghlacadh as an nGaeilge a chomhtháthú i gcultúr na heagraíochta. Dá réir sin, tá socruithe nua rialachais curtha i bhfeidhm, a fheabhsóidh bearta feidhmíochta foriomlána agus a mhéadóidh cuntasacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu le forbairt na Straitéise seo, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don chúnamh a fuaireamar ónár gcomhghleacaithe i bhFórsaí Póilíní na Breataine Bige. Táim tiomanta don Straitéis seo a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm agus táim ag tnúth le bheith ag obair le pearsanra ar fud na heagraíochta lena chinntiú go dtógfaimid ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo chun freastal ar riachtanais ár gcainteoirí Gaeilge i ngach pobal.

**JA Harris**
Coimisinéir an Gharda Síochána



# 1. Réamhrá

Mar eagraíocht, tá paisean agus tiomantas ag an nGarda Síochána don Ghaeilge.

Tá traidisiún seanbhunaithe ag an nGarda Síochána le cur chun cinn na Gaeilge. Bhí gealltanais inár Straitéisí Gaeilge roimhe seo maidir le seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil, go háirithe i gceantair Ghaeltachta. Leanfaimid orainn ag obair agus ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin maidir leis seo.

Tá an Straitéis seo bunaithe ar na dualgais reachtúla éagsúla atá le comhlíonadh againn; ní cinntiú go gcomhlíonann muid ár gceanglais dhlíthiúla an t-aon rún amháin atá againn, áfach. Tá sé mar aidhm againn freisin athrú cultúrtha a chur chun cinn i dtreo aitheantas a thabhairt do na buntáistí is féidir le fórsa saothair atá níos dátheangaí a chruthú i gcomhthéacs cuidiú le seirbhísí póilíneachta den scoth a chur ar fáil. Tacóimid le gach ball foirne agus le gach ball den phobal ar mian leo cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Tá an Garda Síochána faoi cheangal ag oibleagáidí reachtúla teanga, is é sin; Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht an Gharda Síochána, 2005. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAlt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ar chomhlachtaí poiblí Scéimeanna Gaeilge a fhorbairt agus dhearbhaigh an Garda Síochána dhá Scéim Teanga go dtí seo ina dtugtar achoimre ar na céimeanna atá beartaithe againn chun líon agus cáilíocht na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a mhéadú agus a fheabhsú ar bhonn chéimiúil.

Tugaimid aird freisin ar Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge agus Cuspóir 12: "Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge san Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta". Tá béim curtha sa Straitéis ar an tábhacht ar leith a bhaineann le forbairt na teanga sa Gharda Síochána mar gheall ar thábhacht shiombalach an fhórsa agus an ról atá aige sa phobal. Oibreoimid leis an Rialtas lena chinntiú go gcomhlíontar an cuspóir seo.

Tá cumarsáid éifeachtach ríthábhachtach chun seirbhísí póilíneachta ar ardchaighdeán a sholáthar, agus is scil riachtanach é an cumas cumarsáid a dhéanamh le baill an phobail trína rogha teanga. Is acmhainn luachmhar dúinn í ár bhfoireann dhátheangach maidir leis seo. Creidimid, mar sin, gur cheart go mbeadh an cumas Gaeilge a labhairt ar comhchéim le scileanna póilíneachta eile. Tá níos mó i gceist le teanga dhúchais duine ná modh cumarsáide amháin; is cuid dhílis dá fhéiniúlacht agus dá chultúr í. Is féidir le teanga cabhrú le muinín a chothú agus caidreamh a láidriú freisin, agus is cuid thábhachtach d'obair phóilíneachta é sin.

Ceann dár gcroíluachanna póilíneachta ná meas a léiriú i gcónaí ar éagsúlacht agus ar chomhionannas. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbraitheann úsáideoirí seirbhíse Gaeilge go bhfuil meas againn orthu, go bhfuil siad curtha san áireamh agus go gcuirimid fáilte rompu a ngnó a dhéanamh linn ina rogha teanga. De bharr an chineáil oibre a dhéanaimid, bíonn go leor dár n-úsáideoirí seirbhíse leochaileach nuair a bhuailimid leo. Dá bharr sin, má chuirtear an dualgas orthu seirbhís a iarraidh trí Ghaeilge, d'fhéadfadh sé ualach breise a chur orthu. Aithnímid gur ceist thromchúiseach í seo agus táimid lántiomanta fíor-rogha teanga a chur ar fáil go gníomhach, nuair is féidir.

Ní gan dua ná deacracht a bheidh sé ár seirbhísí dátheangacha a fheabhsú. Is é an dúshlán is mó atá romhainn ná pearsanra a bhfuil scileanna Gaeilge acu a bheith ar fáil. Táimid diongbháilte, áfach, cur lenár gcumas seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil trí earcaíocht agus oiliúint fheabhsaithe. Sa mhullach air sin, cuirfimid an teanga chun cinn go hinmheánach agus spreagfaimid a húsáid laistigh den eagraíocht agus i measc an phobail i gcoitinne. Léireoimid ceannaireacht agus treoir shoiléir chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann go léir tuisceanach i leith riachtanais teanga cainteoirí Gaeilge.

Tá an Straitéis seo bunaithe ar ár n-oibleagáidí dlíthiúla ach tá sé bunaithe chomh maith ar ár rún an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chosaint sa Gharda Síochána agus laistigh de na pobail a bhfreastalaímid orthu. Dhíríomar ar dhea-chleachtais in eagraíochtaí eile, go háirithe Fórsaí Póilíneachta na Breataine Bige. Oibreoimid go dícheallach chun na gealltanais ar fad atá leagtha amach sa Straitéis seo a chomhlíonadh d'fhonn seirbhísí póilíneachta dátheangacha ar ardchaighdeán a sholáthar dár n-úsáideoirí seirbhíse go léir a labhraíonn an Ghaeilge.



# 2. Fís

Is í an fhís atá againn ná tacú le húsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána agus úsáid na teanga a mhéadú agus a chur chun cinn. Is mian linn fíor-rogha teanga a éascú dár n-úsáideoirí labhartha Gaeilge trínár seirbhísí dátheangacha a thairiscint agus a chur chun cinn go gníomhach. Tá sé mar aidhm againn cultúr a chruthú laistigh den eagraíocht ina n-aithnítear agus ina gcothaítear an luach a bhaineann le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar don phobal.


# 3. Réimsí Straitéiseacha

Beidh muid ag brath ar na trí réimse straitéiseacha seo a leanas, agus an straitéis seo á forbairt, chun athrú claochlaitheach dearfach a chothú maidir le húsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána a chur chun cinn, a éascú agus a mhéadú:

**Réimse Straitéiseach 1: Earcaíocht agus Pleanáil an Fhórsa Saothair**

**Réimse Straitéiseach 2: Forbairt na Gaeilge agus Feasacht ar an nGaeilge**

**Réimse Straitéiseach 3: Chur Chun Cinn na Gaeilge agus Rannpháirtíocht leis an nGaeilge**






# 4. Réimse Straitéiseach 1 – Earcaíocht agus Pleanáil an Fhórsa Saothair

D'aithin an Garda Síochána le fada go bhfuil sé bunriachtanach cumas ár bhfórsa saothair a mhéadú chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar trí earcaíocht chun freastal ar riachtanais ár n-úsáideoirí a labhraíonn an Ghaeilge agus chun a chinntiú go gcomhlíontar ár n-oibleagáidí reachtúla teanga. Dá réir sin, bunaíodh Sruth na Gaeilge inár bpróiseas earcaíochta in 2013, a choinníonn suas le 10% de gach iontógáil do chainteoirí líofa Gaeilge faoi láthair.

Is tionscnamh tábhachtach é Sruth na Gaeilge, agus leanfaimid orainn ag tacú leis agus á chur chun cinn d'fhonn níos mó iarratasóirí a labhraíonn Gaeilge a mhealladh. Gné ríthábhachtach den straitéis seo ná an líon pearsanra a labhraíonn Gaeilge a mhéadú tríd an Sruth Earcaíochta Gaeilge, rud a chinnteoidh níos mó seirbhísí dátheangacha. Chun an sprioc seo a bhaint amach, tá sé mar aidhm againn oibriú, i gcomhpháirtíocht, le heagraíochtaí seachtracha, lena n-áirítear Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, chun tionscnaimh a fhorbairt le níos mó cainteoirí dátheangacha a mhealladh isteach san eagraíocht.

D'fhonn an líon pearsanra dátheangach i stáisiúin Ghaeltachta a mhéadú, d'eisigh an Garda Síochána Treoir in 2018. Is í an Treoir seo an beartas treorach reatha maidir le leithdháiltí ar stáisiúin Ghaeltachta. Bunaíodh Painéal Inniúlachta na Gaeilge faoin Treoir sin agus san áireamh ar an bPainéal sin tá cainteoirí líofa Gaeilge ar mhian leo a bheith ag fónamh i gceantar Gaeltachta. Cuirtear comhaltaí a earcaíodh trí Shruth na Gaeilge ar an bPainéal go huathoibríoch agus is féidir le comhaltaí eile nár earcaíodh tríd an Sruth sin ach ar mian leo anois a bheith aistrithe go stáisiún Gaeltachta measúnú a dhéanamh chun a bheith curtha san áireamh don phainéal. Sonraítear sa Treoir "go ndéanfar leithdháiltí ar gach stáisiún Gaeltachta ón bPainéal seo, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, i gcás ina mbeidh scileanna ar leith ag teastáil". Leanfar ag úsáid an Phainéil sa ghearrthéarma, agus bunófar grúpa oibre chun bealaí a aithint chun pearsanra a spreagadh iarratas a dhéanamh ar chuimsiú ar an bPainéal.

Is é ceann dár gcuspóirí fadtéarmacha ná a chinntiú go bhfuil ár stáisiúin Ghaeltachta ar fad go hiomlán dátheangach agus gur féidir le stáisiúin atá suite lasmuigh de theorainn Ghaeltachta ach a fhreastalaíonn ar an limistéar sin, Stáisiúin Ghardaí Seirbhíse Gaeltachta, seirbhísí dátheangacha leordhóthanacha a sholáthar. Rachfar i mbun comhairle le hOifigigh Teanga agus le Coistí Pleanála Teanga lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais teanga na bpobal sin. Tá liosta de Stáisiúin Ghardaí Seirbhíse Gaeltachta curtha le chéile ag an eagraíocht, agus déanfaimid iniúchadh iomlán ar scileanna teanga an fhórsa saothair sna stáisiúin sin. Déanfar measúnú ar leibhéal na seirbhísí a theastaíonn agus socrófar an céatadán de chomhaltaí a theastaíonn chun na seirbhísí sin a sholáthar i ngnáthaonaid agus in aonaid speisialta, i gcomhairle leis na pleanálaithe agus na coistí teanga.

Tuigimid freisin go mbíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge de dhíth ar ár n-úsáideoirí seirbhíse a labhraíonn an Ghaeilge lasmuigh de na limistéir sin. Dá bhrí sin, is é ár gcuspóir sna limistéir sin ná ionadaíocht Ghaeilge ár bpearsanra a mheaitseáil leis na pobail a ndéanaimid freastal orthu. Forbróidh an Garda Síochána Beartas nua Leithdháiltí Gaeilge chun an sprioc ríthábhachtach seo a bhaint amach agus pleanáil éifeachtach dhátheangach an fhórsa saothair a chinntiú.

Sainaithneofar sa Bheartas nua Leithdháiltí Gaeilge an leibhéal inniúlachta Gaeilge atá riachtanach do phoist áirithe laistigh den Gharda Síochána, mar shampla, measfar go mbeidh “riachtanas Gaeilge” ag gach post nua nó gach post atá folamh i Stáisiúin Ghaeltachta. Ina theannta sin, measfar go mbeidh “riachtanas Gaeilge” ag céatadán áirithe de phoist i Stáisiúin Ghardaí Seirbhíse Gaeltachta, agus measfar go mbeidh “an Ghaeilge inmhianaithe” ag cuid eile díobh. Agus machnamh á dhéanamh ar na riachtanais teanga i Rannáin nach bhfuil ceantar Gaeltachta iontu, scrúdófar próifíl theangeolaíoch na bpobal sin.

Sna trí bliana amach romhainn, sainaithneoimid scileanna Gaeilge reatha ár bhfórsa saothair, déanfaimid monatóireacht ar na scileanna sin, déanfaimid anailís ar phróifíl theangeolaíoch ár bpobal trí shonraí daonáirimh, agus forbróimid pleananna fórsa saothair Rannáin bunaithe ar an bhfaisnéis sin chun a chinntiú go gcinnfimid bearta éifeachtacha chun aon bhearnaí a dhúnadh. Trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas dátheangach na heagraíochta agus é a thomhas i gcoinne phróifíl theangeolaíoch ár bpobal, cinnteoimid go bhfreastalóimid, le himeacht ama, ar riachtanais uile ár n-úsáideoirí seirbhíse a labhraíonn an Ghaeilge. Chomh maith leis sin, leagfaidh na pleananna fórsa saothair Rannáin seo amach líon na gcainteoirí Gaeilge a theastaíonn in aonaid speisialaithe a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta.

Déanfaidh Intéirneacht nua a thabhairt isteach do chéimithe a bhfuil Gaeilge líofa acu scileanna nua a thabhairt isteach san eagraíocht agus cuirfidh sé deiseanna ar fáil le taithí a fháil i róil atá in ainm is tacú lenár dtionscnaimh Ghaeilge.

Mar is amhlaidh le mórchuid na bpróiseas pleanála teanga, is iarracht fhadtéarmach a bheidh anseo, agus ní bhainfear torthaí amach láithreach. Táimid muiníneach, áfach, go gcomhlíonfaimid na spriocanna uaillmhianacha sin trí cheannaireacht láidir agus pleanáil fórsa saothair éifeachtach.

| Earcaíocht | Beartas Leithdháiltí Reatha | Beartas Leithdháiltí Nua |
|---|---|---|
| Sruth na Gaeilge a chur chun cinn agus líon na n-iarrthóirí a dhéanann iarratas don Sruth a mhéadú. | Leanúint le Painéal Inniúlachta na Gaeilge a úsáid chun líon na bpearsanra le Gaeilge i stáisiúin Ghaeltachta a mhéadú. | Pleananna fórsa saothair dátheangacha rannáin a fhorbairt bunaithe ar oibleagáidí dlíthiúla, acmhainn soláthair foirne, agus próifíl theangeolaíoch áitiúil an phobail lena chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid riachtanais ár n-úsáideoirí seirbhíse Gaeilge go léir |



## Réimse Straitéiseach 1 Earcaíocht agus Pleanáil an Fhórsa Saothair

**Cuspóir:** Líon na gcainteoirí Gaeilge a fhostaítear tríd an bpróiseas earcaíochta a mhéadú agus a chinntiú go mbeidh pleananna an fhórsa saothair bunaithe ar phróifílí t eangeolaíochta pobail.

**Toradh:** Seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar níos éifeachtaí.

| Uimh | Cuspóirí | Freagracht | Uimh | Gníomhaíochtaí | Sprioc | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Tacú le leanúint Shruth na Gaeilge sa phróiseas earcaíochta agus é a fheabhsú. | ADFD | 1.1.1 | Feachtas spriocdhírithe a fhorbairt do Shruth na Gaeilge roimh gach comórtas, rannpháirtíocht le heagraíochtaí seachtracha san áireamh, chun feasacht ar Shruth na Gaeilge agus réimse na ról laistigh den Gharda Síochána a mhéadú. | Méadú 100% aníos ón bhfeachtas deireanach ar an líon iarrthóirí a earcaítear trí Shruth na Gaeilge | R4 2022 |
| | | | 1.1.2 | Tionscnaimh fhadtéarmacha a fhorbairt chun iarrthóirí le Gaeilge líofa a mhealladh. | 10 n-iarrthóir, ar a laghad, a bheith páirteach i ngach feachtas maidir le Sruth na Gaeilge agus an líon sin a mhéadú go leanúnach | R4 2025 |
| 1.2 | Feasacht ar Phainéal Inniúlachta na Gaeilge a mhéadú agus suim an phearsanra go gcuirfear san áireamh iad ar an bPaineál a mhéadú. | ADFD | 1.2.1 | Leanúint ar aghaidh ag cruthú feasachta timpeall ar Phainéal Inniúlachta na Gaeilge go hinmheánach. | Líon na n-ndaoine ar an bpainéal méadaithe 20% in 2022 | Leanúnach |
| | | | 1.2.2 | Grúpa oibre a bhunú chun bealaí a shainaithint chun pearsanra a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar Phainéal Inniúlachta na Gaeilge. | Táthar ag leanúint le pearsanra a aistriú go gníomhach chomh luath agus a thagann folúntais oiriúnacha aníos | R1 2023 |
| 1.3 | Infhaighteacht seirbhísí dátheangacha a mhéadú trí phleanáil fórsa saothair éifeachtach. | ADFD | 1.3.1 | Tabhairt faoi iniúchadh fórsa saothair ar scileanna reatha Gaeilge fhórsa saothair iomlán an Gharda Síochána. | Iniúchadh Críochnaithe | R3 2022 |
| | | | 1.3.2 | Sonraí daonáireamh a úsáid chun anailís a dhéanamh ar phróifíl theangeolaíoch ár bpobal. | Anailís Críochnaithe | R4 2022 |
| | | | 1.3.3 | Iniúchadh a dhéanamh ar leibhéal na seirbhísí Gaeilge a theastaíonn ar fud na heagraíochtaí i gcomhairle leis na pleanálaithe teanga agus na coistí pleanála teanga, agus ag baint úsáide as na sonraí atá aitheanta i ngníomh 1.3.2. | Spriocanna líofachta do Stáisiúin Seirbhíse Gaeltachta leagtha síos | R4 2023 |
| | | | 1.3.4 | Beartas Leithdháiltí Gaeilge a fhorbairt don Gharda Síochána (Comhaltaí, Foireann agus Cúltaca an Gharda Síochána), a bheidh bunaithe ar thorthaí 1.3.1 1.3.2 agus 1.3.3. | Méadú le líofacht i Stáisiúin Ghaeltachta go dtí os cionn 50% agus gluaiseacht leanúnach i dtreo 100% líofacht | R4 2025 |
| | | | 1.3.5 | Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chéatadán an phearsanra a labhraíonn Gaeilge i gcoinne líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge inár bpobail lena chinntiú go bhfuil dóthain pearsanra dátheangach againn i ngach ceantar, aonaid speisialaithe san áireamh ina gcuirtear béim ar leith ar Aonaid Seirbhísí Cosanta agus Póilíniú Bóithre. | Spriocanna líofachta d'aonaid speisialaithe leagtha síos. | Leanúnach |
| | | | 1.3.6 | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht oibrithe deonacha le líofacht sa Ghaeilge a fhostú trí Chúltaca an Gharda Síochána agus bealaí eile. | Gaeilge líofa ag 10% de líon iomlán na nGardaí Cúltaca earcaithe | R4 2024 |
| | | | 1.3.7 | Conair Gaeilge líofa a chuimsiú i gcláir intéirneachta amach anseo. | Intéirneacht do chainteoirí líofa Gaeilge seolta | R1 2023 |

# 5. Réimse Straitéiseach 2 – Forbairt na Gaeilge agus Feasacht ar an nGaeilge

Bhí an Ghaeilge i gcónaí mar chuid lárnach dár gclár oiliúna d’Oiliúnaithe Garda agus forbrófar é sin anois chun gach iontrálaí nua a chur san áireamh. Cuirfear gach iontrálaí nua ar an eolas faoinár ngealltanais teanga, agus béim ar leith á cur ar an tábhacht a bhaineann le cúirtéis teanga a léiriú i gcónaí.

Ceann de chuspóirí ár Straitéise ná forbairt na Gaeilge a fheabhsú. Aithnímid go gcuirfear go mór leis na seirbhísí Gaeilge a sholáthraítear do na pobail ar a bhfreastalaímid trí chumas teanga ár bhfórsa saothair a mhéadú.


Cuirfidh an eagraíocht deiseanna ar fáil don phearsanra a gcuid scileanna teanga a fheabhsú trí mhodhanna oiliúna cumaisc. Tacóidh sé seo le hoiliúint díreach in am agus laghdóidh sé na dúshláin a bhaineann le tabhairt faoi oiliúint fhoirmiúil a chruthaíonn cineál 24/7 na póilíneachta. Forbróimid clár oiliúna Gaeilge a thabharfaidh breac-chuntas ar na roghanna agus na tacaíochtaí atá ar fáil do phearsanra ar mian leo a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú. Ina theannta sin, féadfaidh rannóga nó ranna éagsúla oiliúint shonrach Ghaeilge a iarraidh, agus cuirfear cúrsa atá curtha in oiriúint do riachtanais na n-oifigí sin ar fáil.

Tabharfar tacaíocht agus spreagadh don phearsanra ar mian leo cáilíocht aitheanta sa Ghaeilge a fháil ó eagraíocht sheachtrach, ag brath ar inacmhainneacht. Cuirfear chun cinn agus tacófar le cláir ina bhfuil bealach soiléir dul chun cinn ag foghlaimeoirí, mar shampla, Teastas Eorpach na Gaeilge agus an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil. Úsáidfear na meicníochtaí atá ann cheana i.e. maoiniú bliantúil a sholáthraítear do chúrsaí oideachais, chun tacú le pearsanra ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí eile chun a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú, mar shampla, Dioplóma nó Máistreacht.

Forbraíodh ár gcéad acmhainn foghlama Gaeilge ar líne atá dírithe ar fhoghlaimeoirí ar leibhéal A2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha in 2021. Leanfaimid orainn ag déanamh forbairt ar an acmhainn thábhachtach seo, rud a thabharfaidh deis don phearsanra a gcuid scileanna agus muiníne a fheabhsú ar a luas féin. Leanfaimid lenár gcúrsaí tumoideachais Gaeilge freisin, a bhíonn ar siúl i bpobail Ghaeltachta timpeall na tíre suas le ceithre huaire in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, cuirfidh an eagraíocht tacaíocht bhreise ar fáil do phearsanra trí scéim meantóireachta Gaeilge a thosú ina ndéanfaidh pearsanra atá muiníneach as an nGaeilge a labhairt meantóireacht agus tacaíocht a sholáthar don phearsanra nach bhfuil chomh muiníneach céanna i suíomh neamhfhoirmiúil.

Leanfaimid orainn ag cinntiú feasacht teanga freisin i measc na bhfostaithe go léir. Cuirfear ábhar athbhreithnithe maidir le feasacht teanga isteach sa chlár oiliúna Gaeilge i gColáiste an Gharda Síochána, agus forbrófar ábhar feasachta nua don tairseach inmheánach. Rachaidh na seisiúin feasachta nua i ngleic lenár gceanglais dhlíthiúla, agus díreoidh siad ar ghné chultúrtha na teanga agus an tábhacht a bhaineann léi mar theanga phobail. Chomh maith leis sin, leagfar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an teanga mar scil phóilíneachta luachmhar chun seirbhís éifeachtach póilíneachta a sholáthar d’úsáideoirí seirbhíse a labhraíonn an Ghaeilge.

Ba cheart breathnú ar úsáid na Gaeilge ag comhaltaí an Gharda Síochána mar chuid den socrú spriocanna faoin bpróiseas Creat Feidhmíochta, Cuntasachta agus Foghlama (CFCF) do 2023 agus sna blianta ina dhiaidh sin. Cuirfear an tsaincheist seo faoi bhráid an ghrúpa oibre a dhéanfaidh athbhreithniú ar an CFCF in 2022.



## Réimse Straitéiseach 2 Forbairt na Gaeilge agus Feasacht ar an nGaeilge

**Cuspóir:** Infhaighteacht cúrsaí oiliúna agus cláir feasachta Gaeilge a mhéadú agus a chur chun cinn don phearsanra go léir.

**Toradh:** Aithnítear an Garda Síochána mar eagraíocht atá chun tosaigh i bhforbairt na Gaeilge dá fhórsa saothair.

| Uimh | Cuspóirí | Freagracht | Uimh | Gníomhaíochtaí | Sprioc | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Feabhas a chur ar oiliúint i nGaeilge do gach iontrálaí nua. | ADFD | 2.1.1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is atá an oiliúint sa Ghaeilge a chuirtear ar fáil do Ghardaí faoi Oiliúint agus leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an méid sin, oiliúint ar líne do gach iontrálaí nua san áireamh. | Uasdátú déanta ar an ionduchtú ar líne d'fhoireann an Gharda Síochána le heolas maidir le dualgais teanga curtha san áireamh | R2 2023 |
| | | | 2.1.2 | Cur leis an bhfeasacht a mhúsclaítear faoi láthair ar an tábhacht a bhaineann le cúirtéis teanga a léiriú i gcónaí laistigh den chlár oiliúna teanga a chuirtear ar fáil don phearsanra go léir. | Oiliúint ar líne maidir le cúirtéis teanga forbartha d'iontrálaithe nua | R2 2023 |
| | | | 2.1.3 | Cáipéisíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú ar thairseach an Gharda Síochána chun cúirtéis teanga a thacú agus a thaispeáint. | Cáipéisí foilsithe | R4 2022 |
| 2.2 | Acmhainní forbartha Gaeilge atá ar fáil don phearsanra go léir a fhorbairt agus a fheabhsú. | ADFD | 2.2.1 | Leanúint le sraith d'acmhainní Gaeilge ar líne a fhorbairt agus a chur ar fáil don phearsanra go léir ar leibhéil éagsúla. | Leibhéil atá dírithe ar fhoghlaimeoirí ar leibhéal B1 agus B2 forbartha agus ar líne | R4 2025 |
| | | | 2.2.2 | Cur chuige for-rochtana agus cumarsáide eagraíochta a fhorbairt chun deiseanna Forbartha Gaeilge a chur chun cinn. | Faisnéis agus cumarsáid eisithe | R2 2022 |
| | | | 2.2.3 | Maoiniú a fháil agus cur chuige a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir le pearsanra tabhairt faoi Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach sa Ghaeilge. | Maoiniú ceadaithe agus poiblíocht tugtha don phróiseas iarratais | Leanúnach |
| | | | 2.2.4 | Deiseanna a aithint chun gníomhaíochtaí / foghlaim na Gaeilge a chur san áireamh i gcuspóirí bainistíochta feidhmíochta (CFCF / ePMDS). | Deiseanna aitheanta agus aontaithe | R4 2023 |
| 2.3 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár Gaeilge na Gaeltachta agus úsáid a bhaint as an méid a foghlaimíodh leis an gclár reatha a fhorbairt níos mó. | ADFD | 2.3.1 | Leanúint ar aghaidh le cúrsaí roghnacha tumoideachais sa Ghaeilge a chur ar fáil do phearsanra i bpobail éagsúla Ghaeltachta gach bliain. | Cúrsaí aitheanta agus tacaíocht tugtha dóibh | R2 2023 |
| 2.4 | A chinntiú go bhfuil conair ar fáil don phearsanra feabhas neamhfhoirmiúil a chur ar a scileanna Gaeilge agus muinín a fhorbairt as an teanga a úsáid. | ADFD | 2.4.1 | Scéim meantóireachta cainteoirí Gaeilge (cúlmheantóireacht san áireamh) a fhorbairt a dhéanann pearsanra a labhraíonn an Ghaeilge go líofa a mheaitseáil le cainteoirí nach bhfuil chomh muiníneach céanna as an teanga a labhairt. | Tús curtha leis an Scéim Meantóireachta | R1 2023 |
| | | | 2.4.2 | Tacaíocht agus acmhainní a sholáthar don phearsanra a ghlacann páirt sa Scéim Meantóireachta. | Tacaíocht agus acmhainní curtha ar fáil do mheantóirí | R1 2023 |
| 2.5 | Feasacht maidir lenár n-oibleagáidí reachtúla teanga agus an tábhacht a bhaineann le seirbhísí dátheangacha a sholáthar a fheabhsú. | ADFD | 2.5.1 | Ábhar nua feasachta ar an nGaeilge a fhorbairt don phearsanra maidir lenár n-oibleagáidí reachtúla teanga agus ábhar a fhorbairt maidir le tábhacht na Gaeilge mar theanga phobail agus an tábhacht a bhaineann le bheith in ann seirbhísí dátheangacha a sholáthar dár n-úsáideoirí seirbhíse a labhraíonn an Ghaeilge. | Forbairt a dhéanamh ar ábhar le haghaidh Oiliúint Ionduchtúcháin agus fáil a bheith ar seo ag an bpearsanra go léir ar an gCóras Bainistíochta Foghlama | R1 2024 |




Labhair í
*Is Linn í*

# 6. Réimse Straitéiseach 3 – Chur Chun Cinn na Gaeilge agus Rannpháirtíocht leis an nGaeilge

Ceann d'uaillmhianta na straitéise seo ná meas ar an nGaeilge a leathnú i measc fostaithe agus úsáideoirí seirbhíse araon trína infheictheacht a mhéadú agus níos mó deiseanna a sholáthar chun an teanga a chur chun cinn agus a úsáid. Gné shuntasach a chabhróidh leis seo a bhaint amach ná próiseas a fhorbairt ina ndéantar measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon bheartas nó seirbhís amach anseo ar an nGaeilge lena chinntiú go gcuirtear an teanga chun cinn agus nach mbeidh aon éifeachtaí díobhálacha acu ar an teanga. Cinnteoidh an próiseas seo go ndéanfar an teanga a phríomhshruthú agus go ndéanfar í a chur chun cinn agus a chosaint.

Forbróimid cultúr laistigh den eagraíocht ina n-aithníonn gach fostaí an luach a bhaineann le seirbhísí dátheangacha a sholáthar agus an dualgas atá orainn é sin a dhéanamh, nuair is gá. Cruthóimid éiteas tacúil a spreagfaidh an fhoireann an teanga a úsáid eatarthu féin agus feidhmiú trí mheán na Gaeilge nuair is féidir. Beidh ról ríthábhachtach ag tionscnamh an Fháinne Gaeilge chun é seo a bhaint amach.

Seolfar feachtas tábhachtach feasachta poiblí chun an fhorbairt dhearfach seo a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo an pearsanra uile a spreagadh chun cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus bealach éifeachtach a thabhairt don phobal pearsanra le Gaeilge a aithint go héasca. Ina theannta sin, cuirfidh an Fáinne in iúl don phobal go bhfuil seirbhís dhátheangach ar fáil agus, ar an gcaoi sin, cinnteoimid go bhfuil fíor-rogha teanga á cur ar fáil go réamhghníomhach againn do bhaill an phobail. Chomh maith leis sin, neartóidh an tionscnamh seo tiomantas na heagraíochta do chearta teanga na gcainteoirí Gaeilge.

Cuirfear cuspóirí Gaeilge san áireamh i bPlean Póilíneachta bliantúil an Gharda Síochána, agus beidh an Ghaeilge mar shnáithe i bpleananna póilíneachta gach Rannáin. Cinnteoidh sé seo go mbeidh gach Rannán de shíor ar an eolas faoinár ndualgais agus faoin ngá atá ann an soláthar seirbhísí dátheangacha a fheabhsú i gcónaí do na pobail ar a ndéanaimid freastal. Cuirfear béim ar réimsí ar nós Póilíneacht Phobail, áit a bhfuil naisc dhíreacha againn le pobal na Gaeilge.

Cuideoidh cur chuige cumarsáide gníomhaí a chinntiú go bhfuil an pearsanra ar an eolas faoi na deiseanna forbartha Gaeilge ar fad atá ar fáil dóibh. Ina theannta sin, cuirfear in iúl don phearsanra go dtacaítear le húsáid na Gaeilge go hinmheánach, agus molfar sínithe ríomhphoist dátheangacha agus freagraí 'as oifig' dátheangacha a úsáid.

Leanfaimid orainn ag forbairt ár straitéise cumarsáide inmheánaí agus seachtraí, ag díriú ar fheasacht a chruthú ar ár ngealltanais agus ar aon dul chun cinn a dhéanaimid. Díreofar ar a chinntiú go bhfuil baill an phobail ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh, agus déanaimid ár ndícheall na seirbhísí sin a thairiscint go gníomhach nuair is féidir. Rachaimid i mbun bearta inláimhsithe chun infheictheacht ár seirbhísí Gaeilge a mhéadú trína chinntiú go bhfuil comhartha caighdeánaithe i ngach stáisiún Gardaí a léiríonn leibhéal na seirbhíse atá ar fáil ansin.

Tá tús curtha le plean spriocdhírithe laistigh den eagraíocht chun faisnéis a bhaineann leis an nGaeilge a chur in iúl don phearsanra. Baineadh úsáid as ár nuachtlitir inmheánach, Newsbeat, chun teachtaireachtaí tábhachtacha a scaipeadh. Le bliain go leith anuas, mhéadaíomar úsáid na Gaeilge ar ár leathanaigh mheán sóisialta. Tá painéal cainteoirí líofa Gaeilge oilte againn agus tá siadsan ar fáil anois chun dul faoi agallamh leis na meáin go háitiúil agus go náisiúnta trí mheán na Gaeilge. In iarracht eile chun an teanga a chur chun cinn, tá comhaltaí ó Rannán na Gaillimhe ag glacadh páirte i mír nua um chosc na coireachta a chraoltar ar Raidió na Gaeltachta dhá uair sa mhí. Comhlánaíonn an mír seo an ceann atá á dhéanamh cheana féin ag comhaltaí i nDún na nGall le roinnt blianta anuas.

Rachaimid i mbun teagmhála le heagraíochtaí eile a bhfuil oibleagáidí teanga comhchosúla orthu agus coistí / Oifigigh phleanála Gaeilge ó phobail Ghaeltachta. Trí na próisis seo, is féidir linn tuairimí a mhalartú ar an mbealach is fearr chun ár seirbhísí dátheangacha a fhorbairt. Is féidir linn foghlaim óna chéile freisin agus cabhrú lena chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge. Spreagfaidh an Garda Síochána aiseolas go gníomhach maidir leis na seirbhísí dátheangacha a sholáthraímid ionas gur féidir linn an méid a foghlaimíodh uaidh sin a chur i bhfeidhm chun tacú le feabhsú leanúnach.

Forbrófar Líonra Laochra na Gaeilge go náisiúnta chun úsáid na Gaeilge san áit oibre a chur chun cinn agus chun tacú léi. Tacóidh Meitheal Straitéiseach na Gaeilge leis na Laochra. Forbróimid acmhainní úsáideacha chun an pearsanra a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid. Ina theannta sin, fiosróimid an féidir linn aip Ghaeilge a thabhairt isteach do ghléasanna soghluaiste an Gharda Síochána. Anuas ar sin, cuirfimid deiseanna ar fáil don phearsanra dul i dteagmháil lena chéile trí mheán na Gaeilge le bunú Thionól na nGardaí, cruinniú bliantúil atá dírithe ar an bpearsanra a bhfuil spéis acu i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge.



## Réimse Straitéiseach 3 Chur Chun Cinn na Gaeilge agus Rannpháirtíocht leis an nGaeilge

**Cuspóir:** Deiseanna a mhéadú don phearsanra agus do bhaill den phobal Gaeilge a úsáid laistigh den eagraíocht agus sna seirbhísí a sholáthraítear agus a chuirtear ar fáil.

**Toradh:** Cultúr eagraíochta a chruthú sa Gharda Síochána a chuireann úsáid na Gaeilge chur chun cinn go gníomhach.

| Uimh | Cuspóirí | Freagracht | Uimh | Gníomhaíochtaí | Sprioc | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Cinntiú go ndéantar tionchar ar an nGaeilge a mheas nuair atá aon bheartais nó tionscadail á gcruthú nó á n-athbhreithniú. | Coimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthuaiscirt | 3.1.1 | Uirlis um Mheasúnacht Tionchair ar an nGaeilge a fhorbairt. | Uirlis mheasúnachta tionchair forbartha | R3 2023 |
| | | | 3.1.2 | Próisis a bhunú le torthaí measúnuithe tionchair Gaeilge a ionchorprú i bhforbairt beartais. | Uirlis mheasúnachta tionchair curtha i bhfeidhm go hiomlán | R2 2024 |
| 3.2 | Snáithe Gaeilge a chur san áireamh i bPleananna Póilíneachta Rannáin. | Coimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthuaiscirt | 3.2.1 | Cuspóirí Gaeilge a thabhairt isteach i bPleananna Póilíneachta Rannáin. | Oibleagáidí Gaeilge cuimsithe i bPleananna Póilíneachta 2023 | R1 2023 |
| 3.3 | Seirbhísí dátheangacha a chur chun cinn. | Coimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthuaiscirt | 3.3.1 | A chinntiú go leanfar lenár bhFáinne Gaeilge agus ár dtionscnamh 'Labhair í. Is línn í' trí athbhreithniú agus cur chun cinn a dhéanamh air go rialta. | 2000 Pearsanra Garda ag caitheamh Fháinne Gaeilge an Gharda Síochána in 2022 agus 5000 pearsana á chaitheamh in 2025 | Leanúnach |
| 3.4 | Leanúint ar aghaidh lenár Straitéis Cumarsáide inmheánaí agus seachtraí Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Cumarsáid | 3.4.1 | Straitéis cumarsáide a fhorbairt chun seirbhísí dátheangacha a chur chun cinn agus chun féilire bliantúil cumarsáide saincheaptha a ionchorprú. | An chéad straitéis forbartha | R4 2022 |
| | | | 3.4.2 | Feasacht níos mó a chruthú i measc an phobail maidir lenár ngealltanais agus ar na seirbhísí dátheangacha atá ar fáil dóibh faoi láthair. | Cur chuige cumarsáide leanúnaí curtha i bhfeidhm | Leanúnach |
| | | | 3.4.3 | Úsáid na Gaeilge a mhéadú ar ár n-ardáin mheán sóisialta. | Beidh 25% de na teachtaireachtaí ar fad i nGaeilge | Leanúnach |
| | | | 3.4.4 | Níos mó urlabhraithe Meán atá in ann seirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil a aithint. | Cainteoirí sainaitheanta agus i mbun gníomhaíochtaí leis na Meáin | R2 2022 |
| | | | 3.4.5 | Mír Ghaeilge a fhorbairt ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána. | Rannán na Gaeilge seolta | R4 2022 |

| Uimh | Cuspóirí | Freagracht | Uimh | Gníomhaíochtaí | Sprioc | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.5 | Caidrimh a bhunú le grúpaí seachtracha. | Gach Oifigeach Rannáin, Coimisinéir Cúnta Réigiúnach, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal | 3.5.1 | Anailís a dhéanamh ar  pháirtithe leasmhara Gaeilge. | Anailís críochnaithe | R2023 |
| | | | 3.5.2 | Láithreacht dhátheangach a bhunú ag imeachtaí móra i gcomhar le Rannpháirtíocht sa Phobal / Póilíneacht Phobail áitiúil. | Cainteoir líofa Gaeilge i láthair ag na himeachtaí ar fad ar a bhfreastalaítear | R4 2023 |
| | | | 3.5.3 | Meicníocht aiseolais éifeachtach a fhorbairt do bhaill den phobail maidir lenár seirbhísí dátheangacha. | Cur chuige curtha i bhfeidhm agus in úsáid go gníomhach | R4 2022 |
| | | | 3.5.4 | Líonraí agus cruinnithe rialta a bhunú le hOifigigh / coistí Pleanála Teanga Gaeltachta. | Cruinnithe ag tarlú go rialta | R1 2023 |
| | | | 3.5.5 | Líonra seirbhíse póilíneachta a thógáil le heagraíochtaí a bhfuil freagrachtaí comhchosúla orthu, i.e. Fórsaí Póilíní na Breataine Bige, an PSNI, Seirbhísí Éigeandála eile, na Fórsaí Cosanta. | Líonra bunaithe | Leanúnach |
| | | | 3.5.6 | Meicníocht phiarmheasúnuithe a thabhairt isteach. | Piarmheasúnú gníomhach | R4 2025 |
| 3.6 | Líonra Laochra Gaeilge a bhunú ar fud na heagraíochta chun cabhrú linn an teanga a chur chun cinn go hinmheánach. | ADFD (Oifig na Gaeilge) agus gach Ard-Cheannfort/ Príomhoifigeach | 3.6.1 | Líonra Laochra na Gaeilge a fhorbairt chun a chinntiú go ndéantar an teanga a normalú laistigh den eagraíocht | Líonra forbartha | R4 2022 |
| 3.7 | Acmhainní a fhorbairt chun tacú le pearsanra maidir le ceisteanna Gaeilge. | TFC | 3.7.1 | Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann aip Ghaeilge do ghléasanna soghluaisteachta a fhorbairt. | Deiseanna chun aip a fhorbairt socraithe | Leanúnach |
| | | | 3.7.2 | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an leathanach Gaeilge ar Thairseach an Gharda Síochána. | Uasdátú á dhéanamh ar an leathanach go rialta | Leanúnach |
| | | | 3.7.3 | Acmhainní don leathanach Gaeilge ar an tairseach a fhorbairt. | Acmhainní nua foilsithe | Leanúnach |
| | | | 3.7.4 | Tacú le húsáid na teicneolaíochta chun rogha teanga a éascú don phearsanra, mar shampla, bogearraí Litrithe Gaeilge a sholáthar don phearsanra ar mian leo í a úsáid. | Deiseanna chun teicneolaíocht a úsáid sainaitheanta agus curtha i bhfeidhm | Leanúnach |
| 3.8 | Imeachtaí a reáchtáil don phearsanra chun Gaeilge a úsáid i suíomhanna neamhfhoirmiúla. | Coimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthuaiscirt | 3.8.1 | Imeachtaí a eagrú go hinmheánach agus i rith na bliana chun deiseanna a thabhairt don phearsanra teagmháil a dhéanamh lena chéile trí mheán na Gaeilge, e.g. Tionól na nGardaí, maidineacha caife srl. | Féilire imeachtaí curtha i dtoll a chéile don bhliain 2023 agus é le leanúint ar aghaidh go bliantúil | R4 2022 |




# 7. Conclúid

Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta atá sa straitéis seo an chaoi a gcomhlíonfaimid ár gcuspóirí, agus déanfaidh Meitheal Straitéiseach na Gaeilge monatóireacht gach ráithe ar an dul chun cinn chun forbairt inbhuanaithe a chinntiú. Sannfar baill den Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí ina nUrraitheoirí Gníomhaíochta do na spriocanna inghnóthaithe agus is ar na Bainisteoirí Gníomhaíochta agus na hOifigigh Rannáin a bheidh an fhreagracht as an gcur i bhfeidhm. Is é Grúpa Rialachais na Gaeilge faoi chathaoirleacht Choimisinéir an Gharda Síochána a bheidh freagrach as rialachas agus cuntasacht fhoriomlán ár n-oibleagáidí Gaeilge.

Chun athruithe i gcultúr eagraíochta a dhéanamh teastaíonn dúthracht agus comhoibriú, agus ní tharlaíonn an cineál athraithe seo ar an toirt riamh. Táimid diongbháilte, áfach, ár n-ardchaighdeáin ghairmiúla a choinneáil trí riachtanais theangeolaíocha uile ár n-úsáideoirí seirbhíse a labhraíonn an Ghaeilge a chomhlíonadh. Tá sé mar aidhm againn é seo a dhéanamh trí chumas ár bhfórsa saothair dhátheangaigh a mhéadú, deiseanna a mhéadú chun an teanga a úsáid agus ár seirbhísí dátheangacha a chur chun cinn. Is próiseas fadtéarmach a bheidh sa ghealltanas seo agus éireoidh leis trí cheannaireacht agus chomhoibriú láidir.

